CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# PREASEISIÚINT Uimh. 52/25

**Lucsamburg, 29 Aibreán 2025**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-181/23 | an Coimisiún v Málta (Saoránacht trí infheistíocht)

## Saoránacht an Aontais: tá scéim Mhálta um shaoránacht trí infheistíocht ar neamhréir le dlí an Aontais Eorpaigh

*Ní féidir saoránacht an Aontais a fháil mar thoradh ar idirbheart tráchtála*

Cé go dtagann na coinníollacha lena ndeonaítear agus lena gcailltear náisiúntacht Bhallstáit faoi inniúlacht gach Ballstáit, ní mór an inniúlacht sin a fheidhmiú i gcomhréir le dlí an Aontais. Tá an nasc náisiúntachta le Ballstát bunaithe ar cheangal sonrach dlúthpháirtíochta, dílseachta agus ar chómhalartacht sna cearta agus sna dualgais idir an Stát agus a shaoránaigh. I gcás ina ndeonaíonn Ballstát náisiúntacht, agus go ndeonaítear saoránacht an Aontais leis sin go huathoibríoch, mar mhalairt go díreach ar infheistíochtaí nó íocaíochtaí réamhshocraithe trí nós imeachta idirbheartaíochta, sáraíonn sé na prionsabail sin go follasach. Tá 'tráchtálú' den sórt sin ar stádas an tsaoránaigh ar neamhréir leis an gcoincheap bunúsach de shaoránacht an Aontais arna leagan síos sna Conarthaí. Sáraítear leis sin prionsabal an chomhair dhílis agus cuirtear i mbaol an mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a bhaineann le deonú a náisiúntachta, a bhí i réim nuair a bunaíodh saoránacht an Aontais sna Conarthaí.

I ndiaidh an leasaithe ar an Acht um Shaoránacht Mhálta in Iúil 2020, ghlac Málta reachtaíocht [1] lenar leagadh síos na modhanna chun 'saoránacht Mhálta a fháil trí Saoránacht Mhálta trí Eadóirseacht as Seirbhísí Eisceachtúla trí Infheistíocht Dhíreach' (Scéim saoránachta trí infheistíocht, 2020) [2]. I gcomhthéacs an chórais sin, d'fhéadadh infheisteoirí eachtrannacha iarratas ar eadóirseacht a dhéanamh i gcás inar chomhlíon siad coinníollacha áirithe, de chineál airgeadais, go príomha.

Measann an Coimisiún gurb ionann an scéim sin, lenar deonaíodh eadóirseacht mar mhalairt ar íocaíochtaí nó infheistíochtaí réamhshocraithe do dhaoine nach bhfuil fíornasc acu le Málta, agus sárú ar na rialacha a bhaineann le saoránacht an Aontais [3] agus ar phrionsabal an chomhair dhílis [4]. Dá thoradh sin, thug sé caingean i gcoinne an Bhallstáit sin os comhair na Cúirte Breithiúnais.

**Cinneann an Chúirt gur sháraigh Málta dlí an Aontais trí scéim saoránachta trí infheistíocht, 2020**, a bhunú agus a chur chun feidhme, arb ionann í agus **tráchtálú** ar dheonú náisiúntachta Ballstáit agus, dá réir sin, ar an stádas mar shaoránach an Aontais.

Meabhraíonn an Chúirt go bhfuil saoirse ag gach Ballstát na coinníollacha faoina ndeonaíonn sé agus faoina dtarraingíonn sé siar a náisiúntacht a leagan síos. Mar sin féin, ní mór an tsaoirse sin a fheidhmiú **i gcomhréir le** dlí an Aontais Eorpaigh. Go deimhin, ní thugtar le tuiscint le téacs na gConarthaí ná lena scéim go raibh rún ag a n-údair foráil a dhéanamh, a mhéid a bhaineann le náisiúntacht Bhallstáit a dheonú, d'eisceacht ón oibleagáid dlí an Aontais a urramú.

Áiríthítear le saoránacht an Aontais saorghluaiseacht laistigh de limistéar coiteann saoirse, slándála agus ceartais. Tá an limistéar coiteann sin bunaithe ar dhá phrionsabal bhunúsacha: muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit agus aitheantas frithpháirteach na gcinntí náisiúnta. Tá an tsaoránacht ina léiriú ar dhlúthpháirtíocht bhunúsach idir na Ballstáit, atá bunaithe ar shraith de ghealltanais chómhlartacha. Dá bhrí sin, ní mór do gach Ballstát staonadh ó aon

bheart lena bhféadfaí cuspóirí coiteanna an Aontais a chur i mbaol, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis.

Dá thoradh sin, **ní féidir le Ballstát a náisiúntacht a dheonú – agus, dá bhrí sin, saoránacht an Aontais – mar mhalairt ar íocaíochtaí nó infheistíochtaí réamhshocraithe, toisc gurb ionann sin, go bunúsach, agus idirbheart tráchtála a dhéanamh de náisiúntacht. Le cleachtas den sórt sin, ní féidir an ceangal dlúthpháirtíochta agus dílseachta is gá idir Ballstát agus a shaoránaigh a bhunú, ná muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a áirithiú agus is sárú é dá bhrí sin ar phrionsabal an chomhair dhílis.**

**NÓTA:** Féadfaidh an Coimisiún nó Ballstát eile imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Ballstáit mar gheall ar a mhainneachtain in oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh. Má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil mainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh, ní mór don Bhallstát lena mbaineann déanamh de réir an bhreithiúnais a luaithe is féidir.
I gcás ina measann an Coimisiún nach ndearna an Ballstát de réir an bhreithiúnais, féadfaidh sé caingean nua a thabhairt ag lorg píonóis airgeadais. Mar sin féin, i gcás nach gcuirtear bearta lena dtrasuitear Treoir in iúl don Choimisiún, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais píonóis a ghearradh, ar togra ón gCoimisiún, ag céim an chéad bhreithiúnais.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.
Foilsítear téacs iomlán agus, más ábhartha, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.
Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.
Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar “Europe by Satellite” ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Rialachán 2020 um Shaoránacht a Dheonú as Seirbhísí Eisceachtúla, arna ghlacadh i Samhain 2020, i gcomhréir le hAirteagal 10(9) den Acht um Shaoránacht Mhálta, arna leasú le hAcht Saoránachta 2020.

[2] Bhí rialacha mionsonraithe i gCuid III agus i gCuid IV de Rialachán 2020 lena rialaítear próiseáil iarratas ar eadóirseacht as seirbhísí eisceachtúla de réir fiúntais agus trí Infheistíocht dhíreach san fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta i Málta.

[3] Airteagal 20 CFAE.

[4] Airteagal 4(3) CAE.